



**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**  
**General Certificate of Education**  
**2009**

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

## Fisic

Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

Teicnící Praicticiúla (Measúnú Inmheánach)  
Seisiún 1

[AY131]

**DÉ CÉADAOIN 13 BEALTAINE, MAIDIN**

AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna  
chuige sin ag barr an leathanáigh seo.  
Tiontaigh go leathanach 2 le haghaidh Treorach agus Faisnéise breise.

#### Don Mhúinteoir amháin

##### Ceist 5(a)(i)

Ar insíodh don iarrthóir cén graf le breacadh?

**INSÍODH      NÍOR INSÍODH**

Uimhir Ceiste	Marcanna	
	Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora
1		
2		
3		
4		
5		
<b>Marc Iomlán</b>		

## TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Freagair na ceisteanna **uile** sa leabhrán seo. Ní mór obair gharbh agus ríomhaireachtaí a dhéanamh sa leabhrán seo chomh maith. Mura n-iarrtar ort é, **ná** cuir síos ar an fhearas ná ar nósanna imeachta turgnamhacha.

Cuirfidh an Múinteoir/ an Feitheoir in iúl duit an t-ord inar chóir duit na ceisteanna a fhreagairt. Caith uair an chloig ar Roinn A agus 30 nóiméad ar Roinn B.

Tá ceithre thástail ghearra thurgnamhacha i Roinn A. **Beidh an fearas ar fáil duit ar feadh**

**13 nóiméad le haghaidh gach ceann de na tástálacha.** Ag deireadh an tréimhse thurgnamhach 13 nóiméad seo beidh 2 nóiméad agat le haistriú go dtí an áit atá leagtha amach don chéad tástайл eile. Is féidir aon am breise a bheidh agat roimh an chéad tástайл eile a úsáid le notaí a scríobh ar aon rud nach bhfuil comhlánaithe go fóill agat.

Ag deireadh na hoibre i Roinn A déarfar leat dul go dtí an áit atá leagtha amach do Roinn B.

Tá ceist amháin i Roinn B mar a mbeidh ort sraith de thorthaí turgnamhacha a anailísiú.

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 40 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 20 marc ag dul do Roinn A agus Roinn B araois.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.

Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.


## **LEATHANACH BÁN**

## Roinn A

1 Sa turgnamh seo tá ort conair solais a fhiosrú de réir mar a ghluaiseann sé ó aer isteach i mbloc plaistigh agus a thagann amach ar an taobh eile.

Ar fáil duit tá bloc dronuilleach plaistigh, bosca gathanna, uillinnntomhas agus rialóir.


- (a) Cuir an bloc plaistigh ar **Fíor 1.2** ar an leathanach thall agus marcáil a imlíné. Ba chóir go mbeadh an bloc mar atá léirithe in **Fíor 1.1**.



**Fíor 1.1**

Bain an bloc ar shiúl agus tarraing normal i ngar don lárphointe ar cheann de na sleasa is faide ar an bhloc. Ansin, tarraing líne a léireoidh ga ionsaitheach ar uillinn ionsaithe *i* de  $20^\circ$ . Cuir an bloc ar ais ar a imlíné ar an pháipéar. Cuir an bosca gathanna le ga solais a dhíriú feadh na líne atá tarraingthe agat. Marcáil conair an gha a thagann amach as an bhloc. Bain an bloc ar shiúl agus tóg conair an gha tríd an bhloc. Déan an nós imeachta seo arís le haghaidh uillinn ionsaithe *i* de  $40^\circ$ , ag baint úsáide as an líne normal chéanna. [3]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc



Fíor 1.2

- (b) Úsáid do léaráid le tomhais a dhéanamh de na huillinneacha athraonta  $r$  ar dhul isteach sa bhloc.

Taifead na huillinneacha athraonta in **Tábla 1.1**.

**Tábla 1.1**

Uillinn ionsaitheach $i/\circ$	Uillinn athraonta $r/\circ$			
20				
40				

Úsáid do thorthaí chun meánluach a fháil do chomhéifeacht athraonta an phlaistigh as a bhfuil an bloc déanta. Tá spás ar fáil in **Tábla 1.1** do aon luachanna breise a bheidh ort a ríomh.  
**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint go soiléir.**

Comhéifeacht athraonta an phlaistigh = \_\_\_\_\_ [2]


Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

## **LEATHANACH BÁN**


**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

- 2 Sa turgnamh seo tá ort luach beacht a fháil le haghaidh peiriad ascalaithe luascadáin, agus a fhiosrú cad é mar atá an peiriad ag brath ar fhad an luascadáin.

Taispeánann **Fíor 2.1** cóiriúchán an fhearaí, atá curtha i dtreoir cheana féin duit.



**Fíor 2.1 (taobh-amharc)**



**Fíor 2.2 (aghaidh-amharc)**

Tá mirleán an luascadáin ar crochadh as sreangán atá ionsáite i gcorc scoilte.

Is féidir fad an tsreangáin a choigeartú trína tharraingt tríd an chorc.

Tomhaistear an fad idir an pointe crochta agus lárphointe mhirleán an luascadáin.

Is féidir an fad a thomhas leis an rialóir méadair.

Is é peiriad an ascalaithe ná an t-am a ghlacann an mirleán luascadh ó A go B agus ar ais go A, mar a thaispeántar in **Fíor 2.2**.

- (a) Ag baint úsáide as an rialóir, seiceáil gurb é 15 cm fad  $x$ .  
Ag baint úsáide as ascaluithe beaga, faigh peiriad ascalaithe  $T$  an mhirleáin. Taifead do thorthaí uile in **Tábla 2.1**. Cuir ceannteideal cuí ar an cholún bhán.

**Tábla 2.1**

$x/\text{cm}$		$T/\text{s}$
15		
30		
45		

Déan an nós imeachta arís le haghaidh luachanna an fhaid  $x$  dar 30 cm agus 45 cm. [3]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (b) Tuigtear gur leis an chothromóid thíos a thugtar an gaol idir an fad  $x$  agus peiriad ascalaithe  $T$  an mhirleáin

$$T = kx^n$$

**Cothromóid 2.1**

an áit ar tairisigh iad  $k$  agus  $n$ .

Ag baint úsáide as do thorthaí in **Tábla 2.1**, roghnaigh luach féideartha do  $n$  in **Cothromóid 2.1**. Cuir do rogha in iúl trí thic (✓) a chur sa bhosca chuí. Mínigh do fhreagra.

$n = 1$

$n = \frac{1}{2}$

$n = -2$

Míniú: \_\_\_\_\_


\_\_\_\_\_

[2]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

3 Sa turgnamh seo tá ort tiús an bhalla i bpíobán copair a thomhas.

- (a) Úsáid an cailpéar vernier le trastomhas seachtrach  $E$  agus trastomhas inmhéánach  $I$  an phíobáin a thomhas, mar a thaispeántar in **Fíor 3.1**.



Fíor 3.1

Taifead do léamha **uile** sna spásanna thíos.

Trastomhas seachtrach  $E = \underline{\hspace{2cm}}$  mm

Trastomhas inmhéánach  $I = \underline{\hspace{2cm}}$  mm

Úsáid na luachanna seo chun tiús  $t$  bhallaí copair an phíobáin a fháil.

Tiús  $t = \underline{\hspace{2cm}}$  mm

[4]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc


- (b) Ríomh an éiginnteacht absalóideach i do luach ar thiús *t*.  
Ná cuir san áireamh **ach** an éiginnteacht de réir léamha an chailpéis.

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

Éiginnteacht absalóideach = ± \_\_\_\_\_ mm

[1]


- 4** Sa turgnamh seo tá ar fáil duit bosca séalaithe atá feistithe le ceithre theorainnéal A, B, C, D. Taispeánann **Fíor 4.1** trí chóiriúchán d'fhriótóirí **comhionanna** a d'fhéadfadh a bheith taobh istigh den bosca shéalaithe.



Fíor 4.1

Tá **ceann amháin** de chóiriúcháin na bhfriótóirí seo taobh istigh den bhosca. Tá ort a fháil amach cén cóiriúchán atá i gceist.

Ar fáil duit chomh maith tá ciорcad tástála réamhcheangailte ina bhfuil soláthar cumhachta, aimpmhéadar, voltmhéadar agus seoláin chónaisc, mar a thaispeántar in **Fíor 4.2**.



## Fíor 4.2

- (a) Úsáid an ciorcad tástála le léamha a ghlacadh de shruth  $I$  agus voltas  $V$  le haghaidh gach ceann de na cónaisc **AD**, **BD** agus **CD**. Taifead do léamha in **Tábla 4.1**.

**Tábla 4.1**

	<b>AD</b>	<b>BD</b>	<b>CD</b>
$I/\text{mA}$			
$V/\text{V}$			
$R/\Omega$			

Ríomh an fhriotaíocht chomhfhereagrach  $R$  do gach ceann de na cónaisc, agus cuir é seo in **Tábla 4.1**. [3]

- (b) Déan amach cé acu cóiriúchán in **Fíor 4.1** atá sa bhosca.

Cuir do rogha in iúl trí thic ( $\checkmark$ ) a chur sa bhosca chuí.  
Mínigh do fhreagra.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint go soiléir.**

Istigh sa bhosca tá cóiriúchán na bhfriotóirí a thaispeántar in

Cóiriúchán 1

Cóiriúchán 2

Cóiriúchán 3

Míniú \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ [2]

## Roinn B

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

### Ceist ar Anailís ar na Sonraí

#### 5 Luasghéarú saorthitime ar dhromchla an Domhain

Úsáideann mac léinn fearas saotharlainne le luach a fháil le haghaidh luasghéarú saorthitime ar dhromchla an Domhain, g.

Ligtear do ghrán iompair titim ó fhos ó airde  $h$ . Athraíonn an mac léinn an airde óna ligtear don ghrán iompair titim. Tomhaiseann an mac léinn an airde seo le rialóir méadair. Úsáidtear amghaireas leictreonach leis an am  $t$  a ghlacann an grán iompair titim a thomhas.

#### Torthaí

Glacann an mac léinn sraith luachanna de  $t$  a chomhghreagraíonn le luachanna difriúla de  $h$ . Taifeadann an mac léinn na torthaí in

**Tábla 5.1.**

**Tábla 5.1**

$h/\text{cm}$	$t/\text{s}$	-----/-----
30.0	0.249	
40.0	0.293	
50.0	0.319	
60.0	0.351	
70.0	0.378	
80.0	0.400	

Tá beartaithe ag an mhac léinn cothromóid chaighdeánach gluaisne

$$s = ut + \frac{1}{2} at^2 \quad \text{COTHROMÓID 5.1}$$

an áit arb é  $s$  an fad taistealta,  $u$  an treolusas tosaigh,  $a$  an luasghéarú agus  $t$  an t-am a ghlastar, a chur i bhfeidhm ar na torthaí seo.

- (a) (i) Cén graf is cóir a bhreacadh a thabharfaidh líne dhíreach ónar féidir  $g$  a fháil? Luaign an ais chothrománach ( $x$ ) agus an ais ingearach ( $y$ ).

Ais chothrománach: \_\_\_\_\_

Ais ingearach: \_\_\_\_\_ [2]

**Mura dtig leat a oibriú amach cén graf atá de dhíth, tig leat cuidiú a iarraidh. Bainfear 2 mharc díot.**

- (ii) Mínigh an dóigh ar féidir an luach  $g$  a fháil ón ghráf in (a)(i).

\_\_\_\_\_ [1]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

## Próiseáil sonraí

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (b) (i) Sa cholún bhán in **Tábla 5.1**, cuir sa cheannteideal an chainníocht is cóir a ríomh leis an ghraf in (a)(i) a tharraingt. Bíodh aonaid chuí ann. [2]
- (ii) Ríomh na luachanna uimhriúla atá de dhíth leis an cholún bhán in **Tábla 5.1** a chomhlánú ceart go dtí líon cuí d'fhigíúirí bunúsacha. [2]
- (iii) Ar an eangach de **Fíor 5.1** ar an leathanach thall, tarraing an graf de na sonraí próiseáilte in **Tábla 5.1**. Lipéadaigh na haiseanna sna boscaí chuige sin agus roghnaigh scálaí fóirsteanacha. Breac na pointí agus tarraing líne dea-oiriúnaithe. [5]

## Anailís

- (c) (i) Tomhais grádán do ghraif in (b)(iii), ag taispeáint do chuid oibre go soiléir. Bíodh aonad cuí ann.


Grádán = \_\_\_\_\_

Aonad: \_\_\_\_\_ [3]

- (ii) Uайд sin, ríomh do luach de  $g$ . Luagh do fhreagra in  $\text{m s}^{-2}$ .

$g$  = \_\_\_\_\_  $\text{m s}^{-2}$  [1]

..... / .....



Fíor 5.1

..... / .....

## Luacháil

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (d) (i) Is mar  $9.81 \text{ m s}^{-2}$  a thugtar an luach de  $g$  ar leathán sonraí an mhic léinn.  
Ríomh an difríocht chéatadánach idir an luach seo agus do luach féin in (c)(ii).

Difríocht chéatadánach i luachanna de  $g$  = \_\_\_\_\_ % [2]

- (ii) Mínigh an dóigh, ag baint úsáide as do ghráf, ar féidir teorainn uachtair a chur ar an luach de  $g$ . Faigh an teorainn uachtair seo.

Míniú:

---

---

Teorainn uachtair ar luach  $g$  = \_\_\_\_\_  $\text{m s}^{-2}$  [2]

---

## **SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

